



TCD agus an Ghaeilge

2011-2012

TCD and the Irish Language 2011-2012



Fáilte an Phropaist

A Chairde,

Tá tradisiún fada i dtaobh na Gaeilge ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Ba é William Bedell, Propast an Choláiste agus Easpag Kilmore sa

17ú aois a chur dlús leis an gcéad aistriúchán cuimsitheach go Gaeilge ar an Sean-Tiomna. Bhí Dubhghlas de hÍde, bunaitheoir Chonradh na Gaeilge, agus scoláire mór Gaeilge, ina mhac léinn anseo. Bhí duine de mhórscribhneoirí cruthaitheacha na Gaeilge, Máirtín Ó Cadhain, ina Ollamh i Scoil na Gaeilge.

I bPlean Straitéiseach 2009-2014 an Choláiste, tá Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath tiomanta “cur le próifíl Choláiste na Tríonóide mar ionad gníomhaíochta cultúir agus acadúil i nGaeilge”. Is mian linn go mbeadh an Ghaeilge i gcoillár ár ngníomhaíochtaí agus de réir an traidisiúin ar leith atá againn cheapamar i gcónaí an teanga a chur chun cinn ar bhealach uile-chuimsitheach. Is sampla de sin na seirbhísí Caitliceacha agus Anglacánacha i nGaeilge a chuirtear ar fáil le linn Éigse na Tríonóide, chomh maith le himeachtaí tuata eile. Seo í an dara bliain den Scéim Teanga trí bliana – cáipéis ina leagtar amach na seirbhísí dhá-theangacha a bheidh le cur ar fáil i réimsí éagsúla an Choláiste.

Chomh maith le bheith ar an teanga dhúchais scríofa is sine san Eoraip, a bhfuil oidhreacht shuibhir litríochta ag baint léi, is teanga mheasartha agus dhinimiciúil í an Ghaeilge sa 21ú aois. Táimid an-mhórtasach as na scéimeanna cónaithe Gaeilge ar an gcampas, ina bhfuil cónaí ar mhic léinn i seomraí ar í an Ghaeilge an teanga cumarsáide iontu. In 2011-2012 beidh 34 mac léinn rannpháirteach sna scéimeanna cónaithe – an scéim chónaithe is mó dá leithéid in aon ollscoil in Éirinn. Cuireann an Cumann Gaelach clár bríomhar imeachtaí sóisialta ar fáil do bhaill agus is léiriú iad na ranganna Gaeilge saor in aisce a chuireann Oifig na Gaeilge ar fáil don fhoireann agus do mhic an tacaíocht a thugtar don teanga anseo. I mbliana cuirfead tús le Gradaim na Gaeilge, TCD: Searmanas le haitheantas a thabhairt don méid a bheadh bainte amach ag foireann agus ag mic léinn Choláiste na Tríonóide i dtaobh na Gaeilge.

Tá sé socraithe agamsa mé féin, is mé i mo Phropast, nach mór domsa feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge agus lá éigin tá súil agam a bheith ábalta litir mar an ceann seo a scríobh i nGaeilge. Tá súil agam sa bhliain atá ag teacht go mbeidh tusa freisin ábalta leas a bhaint as na deiseanna ar fad anseo ar an gcampas chun blaiseadh a fháil de ghné ar leith dár gcéannacht náisiúnta, gné nach bhfuil a shamhail eile ann.

**Patrick Prendergast,
Propast**

Provost's Welcome

A chairde,

Trinity College Dublin has a long and proud tradition of service to the Irish language. William Bedell, Provost of the College and Bishop of Kilmore in the 17th century, was responsible for the first full translation of the old Testament into Irish. Douglas Hyde, founder of the Gaelic league and renowned Irish scholar was a student here. One of the finest creative writers in Irish, Máirtín Ó Cadhain was Professor in the School of Irish.

In its Strategic Plan 2009- 2014, Trinity College Dublin is committed to “raising Trinity’s profile as a centre for academic and cultural activity in the Irish language”. We wish to see the Irish language at the heart of our activities, and in line with our distinctive tradition, have always sought to promote the language in an inclusive way- witnessed for example in the holding of both Roman Catholic and Anglican services in Irish during the festival week Éigse na Tríonóide, as well as many secular events. We are now in the second year of our three-year Irish Language Scheme-a document that sets out bilingual services to be provided in various areas of College.

As well as being the oldest written vernacular language in Europe, with a rich heritage of literature, Irish is also a moderate and dynamic language of the 21st century. We are very proud of our Irish residency schemes on campus, where students live in rooms with Irish as their language of communication. In 2011-2012, there will be 34 students participating in the residency schemes-the largest such residency scheme in any Irish university. The student Cumann Gaelach provides a vibrant programme of social activities for its members, and the provision of free language classes to staff and students by the Irish Language Office is a key demonstration of our support for the Irish language. This year will see the inauguration of Gradaim na Gaeilge, TCD: a ceremony to recognise endeavour in the Irish language by Trinity students and staff.

I myself have decided that, in the role of Provost, I need to improve my Irish language skills and I hope, some day, to be able to write a letter such as this in Irish. I hope that in the coming year, you too can avail of some of the many opportunities on offer here on campus to savour a unique and irreplaceable part of our national identity.

**Patrick Prendergast,
Provost**





Oifig na Gaeilge, TCD

The Irish Language Office, TCD

Fáilte romhaibh chuig bróisiúr Gaeilge TCD na bliana 2011-2012. Tá neart eolais le fáil anseo faoin shaol na Gaeilge sa Choláiste: an Cumann Gaelach, Oifigeach Gaeilge an Aontais, ranganna Gaeilge, imeachtaí do bhaill foirne agus eile. Tá eolas anseo freisin maidir leis na seirbhísí atá ar fáil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus cúrsaí aistriúcháin. Tá súil agam go mbeidh tú linn i saol bríomhar Gaelach TCD. Má tá eolas nó cabhair ar bith uait am ar bith, cuir scairt orm ag 896 3652 nó seol ríomhphost chuig gaeloifig@tcd.ie



Welcome to our Irish Language brochure 2011-2012. Here, you will find information on the many and varied aspects of Irish language life on campus, including classes and other events. Please do not hesitate to contact me if you require any assistance during the year, by emailing me at gaeloifig@tcd.ie or by telephoning me at 01 8963652.

Aonghus Dwane, Oifigeach Gaeilge/
Irish Language Officer, TCD

Éigse na Tríonóide agus imeachtaí Gaeilge

Éigse festival and Irish events

Coiste na Gaeilge

College's Irish Language Committee

Is Coiste de chuid Bhord an Choláiste é Coiste na Gaeilge, atá ann ar mhaithe leis an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste i gcomhar le hOifigeach na Gaeilge. Tá **an tUasal Liam Dowling** ina Chathaoirleach air, agus seo a leanas liosta na mball eile i mbliana:



Oifigeach na Gaeilge (Rúnaí)
- **Aonghus Dwane**; Rúnaí an Choláiste -
Anne FitzGerald;

Déan - **An tOllamh Colm Ó Móráin**; Ionadaí na Comhairle - **An Dr Eoin O'Dell**; Ionadaí na Leabharlainne - **Clíona Ní Shúilleabháin**; Ionadaí Dhámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta - **An Dr Colm Ó Dunlaing**;

Ionadaí an Limistéir Riaracháin agus Tacaíochta - **Caitríona Ní Chochláin**; Ionadaí Dhámh na nEalaíon agus na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta - **An Dr Carmel O'Sullivan**; Ionadaí Dhámh na nEolaíochtaí Sláinte - **An tOllamh Joseph Barry**; Ionadaí ó Roinn na Gaeilge - **An Dr Pádraig de Paor**; Ionadaí Aontas na nIarchéimithe - (le hainmniú); Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn - **Ciara Heneghan**; Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh - **Pádraig Schaler**.

Coiste na Gaeilge is Trinity College's Irish Language Committee. The Coiste is a sub-committee of Board, and its Cathaoirleach (Chairman) is Liam Dowling. The Coiste oversees the role of the Irish Language Officer (see below). The Coiste's membership is drawn from a range of areas across College.

Buaicphointe na bliana ná Éigse na Tríonóide - féile Ghaeilge an Choláiste - a bheidh ar siúl ón 30 Eanáir go dtí an 3 Feabhra 2012. Beidh neart imeachtaí cultúrtha, sóisialta agus spóirt ar siúl do mhic léinn agus do bhaill foirne araon. Eolas: www.cumann.ie agus www.tcd.ie/gaeloifig



An Scéim Teanga-do chearta teanga

The Language Scheme-Your Language Rights

Gealltanais déanta i leith sheirbhísí dátheangacha sna réimsí a luaitear thíos

Commitments to bilingual services made in relation to areas listed below

- Suíomhanna gréasáin/
websites
- Na meáin agus fógraíocht/
media and advertising
- Foirmeacha, bróisiúir agus foilseacháin/
forms brochures and publications
- Seirbhísí do chustaiméirí/
customer services
- Teicneolaíocht faisnéise/
Information technology
- An teanga bheo ar an gcampas/
the living language on campus
- Coláiste na Tríonóide agus an Pobal i gCoitinne/
Trinity College and wider society

Féach/see

<http://www.tcd.ie/gaeloifig/acht-na-dteangacha-oifigiula/sceim/>

Na Scéimeanna Cónaithe Gaeilge

The Irish Language Student Residency Schemes

Tá dhá scéim chónaithe Ghaeilge do mhic léinn I TCD: Árasáin ar an gCearnóg Thosaigh do mhic léinn 2ú-4ú bliain, dhá arasán i Halla na Tríonóide i nDartraí i mBaile Átha Cliath 6 do mhic léinn na chéad bhliana agus árasán do lucht na dara bliana I nDartraí freisin. Dhá mhion-Ghaeltacht chathrach atá iontu, ina mbíonn an Ghaeilge á labhairt mar ghnáth-theanga laethúil. Eagraíonn na mic léinn tograí ar nós céiliithe, ciorcail chomhrá agus turas chuig an Oireachtas. Íoctar deontas €1,000 an duine leo.

I nDartraí, cabhraíonn maor tí theach na Gaeilge, Caitlín Ní Chinnéide, le cur chun cinn na teanga.

Beidh iarratais á nglacadh le haghaidh Scéim Chónaithe an Champais 2012-2013 go luath i ndiaidh na Nollag. Bígí ag faire ar www.tcd.ie/gaeloifig/sceim-conaithe





Glór na mBan- Léiriúchán cultúrtha den scoth i 2011

Women's Voices-a unique cultural event held in 2011

Mar chuid d'fhéile Sheachtain Idirnáisiúnta na mBan agus Sheachtain na Gaeilge i mbliana, eagraíodh imeacht cultúrtha uathúil dátheangach ar an gCéadaoin 9 Márta 2011, i gcomhar leis an Oifig Chomhionannais. Thug "Glór na mBan i dTraidisiún na nGael" filíocht agus amhránaíocht le chéile, i léiriúchán den scoth cois tine sa Phroinnteach (Dining Hall). Bhí an file, Celia de Fréine ag léamh óna saothar i nGaeilge agus i mBéarla, agus chualathas amhránaíocht den scoth ar an stíl sean-nóis ó na deirfiúracha Naisrín agus Zahrah Elsafty. Bhí na deirfiúracha ag casadh amhrán a thugann léargas ar a n-oidhreacht Ghaelach agus Arabach araon. D'fhreastail thart ar 80 duine ar an ócáid seo. Lisa Ní Shuairc, céimí de chuid an Choláiste, a bhí mar bhean an tí.

Roinn na Gaeilge, TCD

Roinn bheag ach láidir atá i Roinn na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, agus stair láidir taobh thiar di – bunaíodh Cathaoir na Gaeilge in 1840. Tá an fhoireann beag, agus cuireann na mic léinn agus an fhoireann aithne mhaith ar a chéile i gcaitheamh a dtréimhse sa Choláiste.



Caoimhe ní Bhraonáin, Secretary of Trinity College's Department of Irish (www.tcd.ie/irish) outlines the work of the Department and the courses offered there.



Is féidir gabháil don Luath- nó don Nua-Ghaeilge mar chuid de chúrsa modhnóireachta dhá ábhar, nó is féidir céim aononóra a dhéanamh leis an Luath- agus an Nua-Ghaeilge le chéile. Tá cúrsaí trasdisciplíneacha ar fáil chomh maith. Mar bhreis ar na cúrsaí thuas, is féidir tabhairt faoi chúrsa san Eolaíocht, Ríomhaireacht agus an Ghaeilge, nó sa Léann Éireannach – cúrsa a dhíríonn don chuid is mó ar an nGaeilge, an Stair agus ar an mBéarla, ach ina ndéantar staidéar ar thíreolaíocht na hÉireann, agus ar a cultúr ar bhonn níos leithne. Agus ar ndóigh is féidir gabháil d'iarchéimeanna taighde freisin.

Cuirtear dhá chúrsa ar fáil chomh maith do mhic léinn eachtrannacha a thagann go Coláiste na Tríonóide – ceann ina ndéantar staidéar ar litríocht agus ar theanga na tíre ar bhonn acadúil, agus cúrsa neamhfhoirmeálta dóibh siúd ar mhaith leo Gaeilge bhunúsach a fhoghlaim agus iad sa tír. Cúrsa oíche is ea é seo, agus

bíonn fáilte roimh bhaill foirne eachtrannacha ar an gcúrsa seo freisin. Beidh níos mó ná 'cúpla focal' acu roimh dheireadh na bliana, agus bíonn craic sa rang chomh maith.

Idir na cúrsaí seo ar fad, tá os cionn 200 mac léinn sa Roinn – dóthain le spraoi a bheith ag baint le saol an mhic léinn, ach líon sách beag le go mbíonn aithne phearsanta ag na mic léinn agus an fhoireann ar a chéile, agus bíonn an-tacaíocht ann do na mic léinn. An tOllamh Damian McManus atá ina Cheann Roinne.

Cuir tuilleadh aithne orainn féin, ar ár gcuid cúrsaí agus ar á gcuid foilseachán ag www.tcd.ie/Irish/.

Caoimhe ní Bhraonáin



Aontas na Mac Leinn

The Students' Union

A word from the Irish Language Officer of the Students' Union, **Ciara Heneghan**



Dia dhaoibh! Ciara Heneghan anseo, Oifeagach Gaeilge Aontas na Mac Leinn i gColáiste na Tríonóide i mblíana. Más Gaeilgeoir thú, tá ceart agus cead agat do theanga a úsáid agus má tá fadhb ar bith agat a bhaineann leis an nGaeilge, tar chugam. Is ionadaí na Gaeilge mé ag cruinnithe Aontas na Mac Léinn agus beidh mé ag obair le muintir an Chumann Gaelaigh chun imeachtaí a eagrú chun an deis a thabhairt daoibh bhur dteanga a úsáid. Bígí linn!

Mic Léinn agus an Ghaeilge

Students and Irish

A word from Peadar de Blúit, Irish Officer with USI, and Aodhán Ó Deá, student coordinator with a number of Irish language organisations



Is sinne Peadar agus Aodhán. Is mise (Peadar) an tOifigeach Gaeilge de chuid Aontas na Mac Léinn in Éirinn i mblíana, agus is mise (Aodhán) comhordaitheoir na mac léinn le Conradh na Gaeilge, Comhlúadar agus Glór na nGael. Táimid anseo le cabhrú libh imeachtaí Gaeilge a eagrú sa choláiste. Beimid ag eagrú imeachtaí náisiúnta idir na coláistí tríú leibhéal ar fad chomh maith.

Má tá cabhair uaibh le rud ar bith is féidir teagmháil a dhéanamh liom, Aodhán, ag 0863102691 nó aodhan@cnag.ie agus 0851443832 nó gaeilge@usi.ie domsa, Peadar.

An Cumann Gaelach

Pádraig Schaler, reachtaire (auditor) of An Cumann Gaelach, writes about the many events organised by the Cumann Gaelach, one of the biggest student societies on campus. See www.cumann.ie



Hey, is mise Pádraig Schaler agus táim i mo Reachtaire ar an gCumann Gaelach i mblíana. Cuireann sé i gcónaí ionadh orm an oiread daoine le suim agus grá don Ghaeilge, ach an deacracht a mbíonn ann go hiondúil ná daoine eile a aimsiú leis an ngrá céanna don teanga. Is é sin an fáth go bhfuil an Cumann Gaelach ann; le mic léinn le Gaeilge a thabhairt le chéile trí imeachtaí bríomhaire, taitneamhacha, suimiúla a eagrú. Bíonn chuile shórt ar siúl againn; mar shampla tá Kíla ag seinm dúinn i rith Sheachtain na bhFreshers, beidh Alan Titley ag tabhairt léachta dúinn, beimid ag dul paintballing, beimid ag triall ar Oireachtas na Gaeilge i mí na Samhna agus ar an nGaeltacht níos déanaí sa bhliain. Anuas ar sin ar fad, eagraítear féile Ghaeilge ollmhór, Éigse na Tríonóide (30 Eanáir – 3 Feabhra) agus is í sin an tseachtain is tábhachtaí den bhliain dúinn. Táim ag súil go mór le bualadh leat agus le h-aithne a chur ort!

Má tá suim agat sa Ghaeilge bí linn agus geallaim go mbeidh an-time agat! Tá níos mó eolais le fáil ar www.cumann.ie nó trí ríomhphost a sheoladh chuig eolas@cumann.ie

An Chéadaoin @ An Bhutrach

Wednesday @ The Buttery

Come to the Buttery café, TCD, for craic and chat as Gaeilge, Wednesdays 10.00-11.30am.

All welcome: students, staff and the Irish language community.



Comhrá agus craic as Gaeilge gach Céadaoin sa Bhutrach, 10.00-11.30am.

Fáilte mhór roimh mic léinn, baill foirne agus pobal na Gaeilge-bígí linn!



Seirbhís Aistriúcháin

Translation Service

Seol iarratas ar aistriúchán chuig gaeloifig@tcd.ie (baill foirne TCD amháin)

Send all translation requests to gaeloifig@tcd.ie (TCD staff only)

T: @ 01 896 3652
gaeloifig@tcd.ie
www.tcd.ie/gaeloifig

Ranganna Gaeilge Mic Leinn & Bail Foirne

Irish Classes- Staff And Students

- Ranganna saor in aisce
- Rogha leibhéal: Tosaitheoirí A1 nó A2, Meánrang B1 nó B2
- Béim ar labhairt na Gaeilge
- Seolfar eolas chuig gach mac léinn agus gach ball foirne maidir le clárú agus amanna
- Eolas:
www.tcd.ie/gaeloifig/ranganna

- Classes free of charge
- Various levels- beginner, intermediate and conversation
- Emphasis on spoken Irish
- All staff and students will be emailed with information on registration and class times
- Information:
www.tcd.ie/gaeloifig/ranganna